# RANG 2: AN CHOPAIL ‘IS’

**2.1 Tusa an t-eagarthóir**
Sa chéad rang, chuireamar eolas ar **an abairt aicme**. Sa cheacht seo, díreoimid ar **an abairt ionannais**. Sula ndéanfaimid sin, léigh na habairtí 1–5 thíos.

- Is abairtí aicme iad go léir.
- Tá botún i ngach abairt.
- Ceartaigh agus mínigh an botún.
- Pléigh do chuid oibre le duine eile sa rang. An bhfuil sibh ar aon aigne?

1. Ní hamadán ar bith í Sarah.
2. Ní chainteoir rómhaith mé, is cosúil.
3. Is ceist chonspóideach agus fadhb leanúnach í an seicteachas.
4. Is réiteach simplí éifeachtach é an chumarsáid.
5. Ní hiad ceoltóirí gairmiúla iad.

**2.2 Rogha eile**
Más abairt dearfach atá i gceist, is féidir leas a bhaint as struchtúr copaile eile: ‘is ea’.

> Is aisteoir clúiteach í Helen.
> Aisteoir clúiteach *is ea* Helen.
>
> Is cúis díomá é an toradh seo.
> Cúis díomá *is ea* an toradh seo.

Tá an struchtúr sin níos coitianta i gcanúint na Mumhan ná i gcanúintí eile, ach is struchtúr úsáideach é ba cheart a bheith ag gach scríbhneoir Gaeilge. Cabhróidh sé leat abairtí fada a scríobh go soiléir is go slachtmhar.

Bain triail as na habairtí 1–5 a athscríobh mar atá déanta sna samplaí thuas.

1. Is tionscadal uaillmhianach é, nuair a chuirtear gach uile rud san áireamh.
2. Is buille trom do pháirtithe an Rialtais é toradh an fhothoghcháin.
3. Léiriú eile ar chumas na foirne an bua éasca a fuair siad ar Ard Mhacha.
4. Is ceist chasta í nach bhfuil aon réiteach simplí uirthi.
5. Dea-scéal d’earnáil na turasóireachta é an laghdú seo ar cháin bhreisluacha.

**2.3 An abairt ionannais**

Insíonn an abairt aicme dúinn cén aicme lena mbaineann X nó Y. Insíonn an abairt ionannais dúinn *gurb ionann* X agus Y.

| Abairt aicme | Abairt ionannais |
|---|---|
| Is aisteoir clúiteach (í) Helen. | Is í Helen Aisteoir na Bliana. |
| Ní baile beag ar chor ar bith Cluain Meala. | Ní hé Cluain Meala mo bhaile dúchais. |
| Is cúis díomá (é) an toradh seo. | Is é an toradh seo an buille is measa ar fad. |
| Is cara maith dom an Príomhoide. | Is í an Príomhoide an cara is dílse atá agam. |
| Is fear mór bia (é) fear an tí seo. | Is é fear an tí seo an cócaire is fearr san áit. |
| An Spáinneach (í) do bhean chéile? | An í do bhean chéile an múinteoir Spáinnise? |
| Nach dream deas scoláirí (iad) Rang a Ceathair? | Nach iad scoláirí Rang a Ceathair an dream is deise sa scoil? |

Seo thíos cuid de na rialacha a d'fhoghlaimíomar maidir leis an abairt aicme níos luaithe. An bhfuil na rialacha céanna i bhfeidhm maidir leis an abairt ionannais? Má tá difríocht ann, an féidir leat í a mhíniú?

1. San abairt aicme, bíonn an fhaisnéis roimh an ainmní.
San abairt ionannais...

2. San abairt aicme, bíonn an fhaisnéis éiginnte agus bíonn an t-ainmní cinnte.
San abairt ionannais...

3. San abairt aicme, níl sé riachtanach forainm a chur leis an ainmní.
San abairt ionannais...

**2.4 Bain triail as**

Scríobh abairt ionannais faoi na rudaí atá luaite sa liosta 1–10, de réir mar atá déanta sa sampla.

> **Sampla:** Páras (*fir.*)
> Is é Páras príomhchathair na Fraince.

1. an pheil Ghaelach (*bain.*)
2. an Fhraincis agus an Béarla
3. Stephen Spielberg
4. Sliabh Everest (*fir.*)
5. Google (*fir.*)
6. Raidió na Gaeltachta (*fir.*)
7. oileáin Árann
8. an léitheoireacht (*bain.*)

9. comórtais an Oireachtais

10. Kamala Harris